**Caingean arna taisceadh an 2 Nollaig 2022 – Nieß v EUIPO – Terrasoverkapping-inkoop.nl (GARTENLÜX)**

**(Cás T-754/22)**

(2023/C 24/109)

*Teanga inar taisceadh an t-iarratas: an Ghearmáinis*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* Andrea Nieß (Kempen, an Ghearmáin) (ionadaí: A. Erlenhardt, Dlíodóir)

*Cosantóir:* Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO)

*Páirtí eile sna himeachtaí os comhair an Bhoird Achomhairc:* Terrasoverkapping-inkoop.nl BV (Venlo, an Ísiltír)

**Sonraí na n-imeachtaí os comhair EUIPO**

*Iarratasóir an trádmhairc atá faoi cheist:* Páirtí eile sna himeachtaí os comhair an Bhoird Achomhairc

*Trádmharc atá faoi cheist:* Iarratas ar an bhfocalmharc de chuid an Aontais Eorpaigh "GARTENLÜX" – Iarratas ar chlárú Uimh. 18 347 602

*Imeachtaí os comhair EUIPO:* Imeachtaí freasúra

*Cinneadh atá faoi chonspóid:* Cinneadh ón Dara Bord Achomhairc de EUIPO an 16 Meán Fómhair 2022 i gCás R 607/2022-2

**An t-ordú atá á lorg**

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

— an cinneadh atá faoi chonspóid agus an cinneadh ón Rannán Freasúra an 9 Feabhra 2022 a chur ar neamhní;

— a ordú don idiragraí costais na n-imeachtaí a íoc, lena n-áirítear iad siúd a tabhaíodh os comhair an Bhoird Achomhairc.

**Saincheisteanna dlí**

— Sárú ar an dara habairt d'Airteagal 94(1) de Rialachán (AE) 2017/1001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle i gcomhar le hAirteagal 27 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/1430 ón gCoimisiún;

— Sárú ar Airteagal 109 de Rialachán (AE) 2017/1001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.

---

**Caingean arna tabhairt an 5 Nollaig 2022 – TG v an Coimisiún**

**(Cás T-755/22)**

(2023/C 24/110)

*Teanga an cháis: an Fhraincis*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* TG (ionadaí: A. Tymen, Dlíodóir)

*Cosantóir:* an Coimisiún Eorpach

**An t-ordú atá á lorg**

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

— a dhearbhú go bhfuil an chaingean seo inghlactha agus go bhfuil bunús maith leis;

dá bharr sin:

— cinneadh an 11 Márta 2022, lena ndiúltaítear breoiteacht an iarratasóra a aithint mar bhreoiteacht thromchúiseach, de réir bhrí Airteagal 72(l), de Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh, a neamhniú;

— cinneadh an 25 Lúnasa 2022, lena ndiúltaítear do ghearán an iarratasóra an 29 Aibreán 2022, a neamhniú:

— a ordú don chosantóir cúiteamh a íoc as an damáiste neamhábhartha a rinneadh don iarratasóir, arna mheasúnú *ex aequo et bono* ag méid 5,000 euro;

— a ordú don cosantóir na costais go léir a íoc.

**Saincheisteanna dlí agus príomhargóintí**

Mar thaca leis an gcaingean, maíonn an t-iarratasóir saincheist dlí amháin, bunaithe ar shárú ar Airteagal 72(1) de Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh agus ar na forálacha ginearálta cur chun feidhme a bhaineann le haisíoc costais leighis arna nglacadh le Cinneadh C(2007) 3195 ón gCoimisiún an 2 Iúil 2007, agus arna leasú le cinneadh an 12 Bealtaine 2020.

---

**Caingean arna tabhairt an 5 Nollaig 2022 – Roethig López v EUIPO – William Grant & Sons Irish Brands (AMAZONIAN GIN COMPANY)**

**(Cás T-756/22)**

(2023/C 24/111)

*An teanga inar taisceadh an t-iarratas: an Béarla*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* Eric Roethig López (Lluchmajor, an Spáinn) (ionadaí: J. Carbonell Callicó, Dlíodóir)

*Cosantóir:* Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO)

*Páirtí eile sna himeachtaí os comhair an Bhoird Achomhairc:* William Grant & Sons Irish Brands Ltd (Baile Átha Cliath, Éire)

**Sonraí na n-imeachtaí os comhair EUIPO**

*Dílseánach an trádmhairc faoi cheist:* Iarratasóir os comhair na Cúirte Ginearálta

*Trádmharc atá faoi cheist:* Focalmharc an Aontais Eorpaigh "AMAZONIAN GIN COMPANY" – Trádmharc de chuid an Aontais Eorpaigh Uimh. 17 952 939

*Nós imeachta os comhair EUIPO:* Imeachtaí cealaithe

*Cinneadh atá faoi chonspóid:* Cinneadh ón gCúigiú Bord Achomhairc de EUIPO an 23 Meán Fómhair 2022 i gCás R 1978/2021-5

**An t-ordú atá á lorg**

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

— an cinneadh atá faoi chonspóid a chur ar neamhní;

— a ordú do EUIPO agus don idiragraí na costais go léir ón díospóid os comhair na Cúirte Ginearálta a íoc, lena n-áirítear iad siúd a bhaineann leis an nós imeachta os comhair an Bhoird Achomhairc.

**Saincheist dlí**

— Sárú ar Airteagal 7(1)(c) de Rialachán (AE) 2017/1001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.

---